An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

# Ag filleadh ar an scoil
# An Idirbhliain 2020/21

Iúil 2020

Leagan **1.0**

## 1. Forbhreathnú ar Chlár na hIdirbhliana

### 1.1 Réamhrá

Clár roghnach is ea an Idirbhliain. Tá sé deartha chun nasc a chruthú idir an tsraith shóisearach agus an tsraith sinsearach. Soláthraíonn sé deis do scoláirí taithí a fháil ar réimse leathan gníomhaíochtaí oideachasúla, lena n-áirítear taithí oibre, le linn bliana atá saor ó scrúduithe foirmiúla. Tá sé mar aidhm ag an Idirbhliain oideachas a chur ar scoláirí i gcomhair aibíochta le béim ar fhorbairt phearsanta, ar fheasacht shóisialta agus ar scileanna don saol. Ba cheart an treoir seo don Idirbhliain in 2020/21 a léamh i gcomhar le *Ag filleadh ar an scoil: Treoir ar fhoghlaim agus ar chláir scoile do cheannairí agus do mhúinteoirí iar-bhunscoile* ar fáil ag www.gov.ie/filleadharscoil

### 1.2 Tairbhí na hIdirbhliana

Léiríonn an taighde ard-leibhéal sástachta i measc múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí i leith na hIidirbhliana agus leis an dóigh a gcabhraíonn sí le cúrsaí foghlama agus forbairt iomlánaíoch agus le haibíocht na scoláirí. Cuirtear luach ar an Idirbhliain mar gheall ar éagsúlacht na n-eispéireas foghlama, go minic in ábhair 'bhlaiste', agus i réimsí nua foghlama a chuirtear ar fáil do scoláirí lena linn. Meastar go gcuireann an Idirbhliain ar bhealaí suntasacha le forbairt scileanna na scoláirí trí chéile; sa chomhthéacs seo, is minic a luaitear scileanna i bhforbairt phearsanta agus shóisialta agus scileanna saoil. Cuirtear luach ollmhór ar thaithí oibre agus ar shocrúchán pobail mar ghnéithe den Idirbhliain. Meastar gur rudaí maithe iad na modhanna éagsúla measúnaithe agus tuairiscithe, agus na deiseanna atá ann do scoláirí chun cáilíochtaí breise a ghnóthú. Thar aon rud eile, meastar gur gnéithe rathúla den chlár iad an bhéim a leagann an Idirbhliain ar an todhchaí agus an méid is féidir léi a dhéanamh chun cabhrú le scoláirí aghaidh a thabhairt ar an todhchaí le dearcadh níos aibí, níos cumasaí, níos muiníní agus níos cinnte. Ina gcuid aiseolais faoin Idirbhliain, déanann scoláirí tagairt go minic don bhealach a gcuidíonn an Idirbhliain leo fás mar dhaoine, an tslí ina bhfaigheann siad taithí ar éagsúlacht mhór foghlama trí ghníomhaíochtaí na hIdirbhliana, agus don bhealach a bhfoghlaimíonn siad go leor faoi scileanna a bhíonn úsáideach sa staidéar agus sa saol tar éis na scoile.

Ina theannta sin, is fearr a dhéanann scoláirí a thugann faoin Idirbhliain go ginearálta i scrúduithe Ardteistiméireachta agus déanann siad roghanna níos fearr agus iad ag roghnú a n-ábhar Ardteistiméireachta.

## 2. Clár na hIdirbhliana a dhearadh in 2020/21

De réir mar a athosclaíonn na scoileanna, is féidir le cuid mhór de na nithe is mó luach ag múinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag scoláirí fós a bheith lárnach i gclár Idirbhliana na scoile. Is féidir leanúint ar aghaidh leis an Idirbhliain mar a bhí i scoileanna sna blianta roimhe seo agus é a choinneáil ar go leor bealaí. Aithnítear, dar ndóigh, go gcaithfidh

pleanáil don Idirbhliain sa scoilbhliain atá romhainn roinnt réimsí a chur san áireamh ina bhféadfaidh go mbeidh tionchar ag an bpaindéim orthu, mar shampla, i réimse na taithí oibre nó ar líon na gcuairteanna seachtracha agus na ngníomhaíochtaí foghlama seachtracha. Pléitear sa doiciméad treorach seo roinnt ceisteanna maidir le pleanáil don Idirbhliain i mbliana, go háirithe.

Is ag leibhéal na scoile a dhéantar cláir na hIdirbhliana a dhearadh bunaithe ar chur chuige ilchisealach a chuimsíonn:

- Croíchiseal: áirítear leis seo Béarla, Gaeilge, Matamaitic, Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus Corpoideachas.
- Ciseal samplála ábhair: d'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo, mar shampla, na heolaíochtaí, na teicneolaíochtaí agus an gnó
- Modúil deartha ag an scoil: ina measc sin áirítear mionchomhlacht, fiontar sóisialta
- Ciseal féilire: áirítear leis seo taithí oibre agus/nó aoichainteoirí.

Tá sé rí-thábhachtach do chlár rathúil Idirbhliana úsáid a bhaint as raon leathan modheolaíochtaí foghlama, teagaisc agus measúnaithe agus as gníomhaíochtaí oideachasúla. Is faoin scoil aonair féin ábhar curaclaim a roghnú agus a oiriúnú ag teacht le treoirlínte na hIdirbhliana, riachtanais na scoláirí agus tuairimí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Ba cheart ábhar agus modheolaíocht a shocrú i bhfianaise leibhéil chumais agus riachtanais scoláirí ar leith. Bainfidh riachtanais na scoláirí sa scoilbhliain seo chugainn i bpáirt lena n-ath-rannpháirtíocht go hiomlán leis an bhfoghlaim tar éis na tréimhse ina raibh an scoil dúnta, monatóireacht agus breathnóireacht ar an ath-rannpháirtíocht sin, agus plé a dhéanamh leo faoi na réimsí curaclaim sin agus gnéithe den fhoghlaim a bhféadfadh imní a bheith orthu ina leith mar gheall ar dhúnadh na scoileanna i mí an Mhárta a chur san áireamh san Idirbhliain.

## 3. Gnéithe le cur san áireamh sa phleanáil don Idirbhliain in 2020/21

Ó thaobh pleanála de don Idirbhliain sa bhliain acadúil seo chugainn, beidh sé tábhachtach:

- Pleanáil don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú ar bhealach a thógann ar agus a chuireann chun cinn foghlaim na scoláirí ón tsraith shóisearach. Ó tharla go bhfuil seans mór ann go mbeidh tionchar ag an tréimhse ina raibh an scoil dúnta ar fhoghlaim na scoláirí ar bhealaí éagsúla, is féidir le scoileanna am breise a leithdháileadh ar chroíchiseal an chláir a theagasc, agus béim a chur ar scileanna litearthachta agus uimhearthachta na scoláirí a fhorbairt.

- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar soláthar sa chroíchiseal don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus don Chorpoideachas; féadfaidh scoileanna am breise a leithdháileadh ar an ngné seo den chroíchiseal in 2020/21.

- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil baint láidir ag foghlaim na scoláirí san Idirbhliain i mbliana, mar a bheadh san Idirbhliain de ghnáth, leis na nithe seo a leanas: eolas, forbairt scileanna pearsanta, sóisialta agus foghlama, fócas ar fholláine agus béim láidir ar chruthaitheacht; ba cheart go mbeadh na comhpháirteanna seo go léir ann mar ghnéithe de réimsí agus de ghníomhaíochtaí foghlama éagsúla

- Réimsí tosaíochta a aithint d'fhorbairt ar eolas agus scileanna na scoláirí atá ag dul isteach san Idirbhliain i Meán Fómhair 2020 a chruthaíonn droichead don fhoghlaim idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach

- Tógáil ar na heispéiris le linn do na scoileanna a bheith dúnta le déanaí ar an gcianfhoghlaim chun deiseanna a chur san áireamh i gcúrsaí agus i modúil na hIdirbhliana chun meascán a chruthú d'fhoghlaim faoi threoir an mhúinteora, an scoláire agus an fhiosrúcháin a thacóidh leis an dul chun cinn chuig an tSraith Shinsearach

- Clár ar leith ar scileanna foghlama digiteacha a dhearadh ag tús na scoilbhliana

- Pleanáil le haghaidh gníomhaíochtaí malartacha scoilbhunaithe nó ar líne in áit chláir chomhchuraclaim agus seach-churaclaim nach mbeadh indéanta nó a d'fhéadfadh go mbeadh gá le hiad a chur ar ceal faoi ghearrfhógra

- Úsáid a bhaint as cur chuige idirdhisciplíneach, traschuraclaim chun gníomhaíochtaí a dhearadh a tharraingíonn ar ábhar spéise agus eispéiris na scoláirí le míonna beaga anuas ar fhoghlaim, ar fholláine agus ar idirghníomhú sóisialta

- Oibriú le fostóirí áitiúla chun taithí oibre a éascú nuair is féidir. Mura bhfuil taithí oibre indéanta, pleanáil do sholáthar scoile dá chomhionann ó thaobh na foghlama de. D'fhéadfadh go mbeadh a leanas san áireamh sa chás seo:
  - gnéithe den taithí oibre as láthair ón suíomh oibre ar nós imscrúduithe ar ghairmeacha
  - modúil i scileanna fostaíochta lena n-áirítear, mar shampla, cúrsaí/modúil ar líne ar Shláinte agus Sábháilteacht san áit oibre
  - turais fhíorúla ar shuíomhanna oibre, ar ghnóthaí agus ar chomhlachtaí

- A aithint go bhféadfadh sé a bheith deacair ar go leor teaghlach íoc as gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Idirbhliain agus tús áite a thabhairt do roghanna eile ar chostas íseal nó gan aon chostas ar féidir le gach scoláire páirt a ghlacadh iontu. Níor cheart go mbeifí ag súil go n-íocfadh scoláirí agus a dteaghlaigh roimh ré ag tús na scoilbhliana as gníomhaíochtaí nach féidir a dhéanamh mar gheall ar riachtanais sláinte phoiblí

- An plean don fhoghlaim a idirbheartú leis na scoláirí. Ba cheart go mbeadh na heispéiris fhoghlama a dheartar ábhartha do thaithí saoil agus spéiseanna na scoláirí agus ba cheart go dtacóidís lena muinín agus a n-inniúlachtaí a fhorbairt

- Pleanáil do chlár a chuimsíonn íosmhéid 28 uaire an chloig teagaisc in aghaidh na seachtaine, lena n-áirítear taithí oibre
- Leanúint leis an dea-chleachtas atá ann cheana féin maidir le cláir Idirbhliana a phleanáil atá cruthaitheach agus nuálach agus nach cláir trí bliana don Ardteistiméireacht iad.

## 4. Leideanna Pleanála Praiticiúla don Idirbhliain in 2020/21

Beidh pleanáil agus cur i bhfeidhm na hIdirbhliana dúshlánach in 2020/21 i gcomhthéacs ina gcuireann riachtanais sláinte poiblí srian ar chuid de na gnáthghníomhaíochtaí a bhaineann leis an Idirbhliain. Is tosaíocht pleanála é leanúnachas agus dul chun cinn san fhoghlaim a sholáthar do scoláirí san Idirbhliain, go háirithe i gcomhthéacs an ghá atá le hath-rannpháirtíocht scoláirí nach bhfuil taithí acu ar na gnáthclocha míle mar a bhaineann le scrúduithe teistiméireachta a dhéanamh agus a bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a fháil.

### 4.1 Comhordaitheoir na hIdirbhliana

Tá ról lárnach ceannaireachta ag **Comhordaitheoir na hIdirbhliana** sa phleanáil. Ag tógáil ar chleachtas pleanála seanbhunaithe, beidh ar an gcomhordaitheoir clár a phleanáil a léiríonn na cúinsí nua atá ag síorathrú, agus machnamh sonrach á dhéanamh ar ghnéithe atá fíor-dhúshlánach mar taithí oibre, turais scoile agus teagmháil le cainteoirí seachtracha.

### 4.2 Pleanáil na múinteoirí

Is iad na múinteoirí féin is fearr chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné dá gcláir reatha agus na cláir sin a oiriúnú de réir mar is gá. Is féidir tógáil ar a lán dá bhfuil i gcláir na hIdirbhliana atá ann cheana agus, don scoilbhliain 2020/21, is é atá i gceist leis an bpríomhthasc breise ná leanúnachas a bhunú leis an tSraith Shóisearach agus monatóireacht a dhéanamh ar ath-rannpháirtíocht scoláirí leis an bhfoghlaim ionas gur féidir cur le scileanna don fhoghlaim bhreise sa tsraith shinsearach.

Agus clár na hIdirbhliana á athbhreithniú agus á phleanáil, is féidir machnamh a dhéanamh ar chur chuige idirdhisciplíneach, traschuraclaim a ghlacadh maidir leis an teagasc agus foghlaim. Tacóidh sé seo le foghlaim chomhtháite mar phríomhghné de chláir na hIdirbhliana in 2020/21. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach do scoileanna téamaí a léiríonn eispéiris na scoláirí le déanaí a fhorbairt ar nós:

- Sláinte agus sábháilteacht sa scoil, sa phobal agus san áit oibre (eolaíochtaí, teicneolaíochtaí, staidéir shóisialta)
- An geilleagar áitiúil a chur chun cinn agus tacú leis (fiontar, matamaitic, ceannaireacht)
- Éagsúlacht agus ionchuimsiú – comhionannas a chur chun cinn (staidéar sóisialta, litríocht, OSPS)
- Bithéagsúlacht agus forbairt inbhuanaithe (eolaíochtaí, tíreolaíocht, gnó)
- Coinneáil gníomhach agus folláin (Corpoideachas, OSPS, eolaíocht bhia)

- Sa bhaile nó i gcéin (staidéir oidhreachta, nuatheangacha iasachta, Gaeilge, gnó).

**Tá na himlitreacha ábhartha agus treoirlínte don Idirbhliain go fóill i bhfeidhm.**[1]

# 5. Pleanáil don teagasc, don fhoghlaim, agus don mheasúnú san Idirbhliain

## 5.1 Folláine

D'ardaigh tionchar na paindéime Covid ar gach gné den saol feasacht ar cé chomh tábhachtach atá sé tacú le folláine i bpobail scoile de réir mar a fhilleann scoláirí ar scoil. Soláthraíonn an Idirbhliain spás ar leith inar féidir freastal ar riachtanais folláine na scoláirí. Is deis thábhachtach é tús na hIdirbhliana chun caidrimh agus naisc a thógáil. Is féidir le gníomhaíochtaí a chothaíonn dlúthchaidreamh a bheith fós ina gcuid de chlár na hIdirbhliana, chomh fada agus go gcloíonn siad le treoirlínte sláinte agus scaradh sóisialta. Sa chomhthéacs seo, b'fhiú gníomhaíochtaí allamuigh a chur san áireamh.

Freisin, soláthraonn an Idirbhliain deis do scoláirí chun tógáil ar na buanna agus na scileanna atá de dhíth orthu chun tacú lena bhfolláine anois agus sa todhchaí. Ba chóir dul i gcomhairle le scoláirí maidir lena riachtanais foghlama agus folláine agus le conas is féidir le clár na hIdirbhliana tacú leis an dá rud, in ainneoin srianta a bhaineann le Covid-19 a bheidh mar chuid dá saol.

## 5.2 Croíchiseal

### 5.2.1 Matamaitic

Tá solúbthacht mhór ag scoileanna maidir le dearadh cláir mhatamaitice don Idirbhliain. Cé go moltar sa tsonraíocht don tSraith Shóisearach agus an siollabas don tSraith Shinsearach foghlaim ó thaithí trí ghníomhaíochtaí imscrúdaithe agus réiteach fadhbanna i ngrúpaí, soláthraíonn an Idirbhliain scóip níos mó fós chun dul i mbun gníomhaíochtaí den sórt sin, gan srianta ó bhrú scrúduithe dheiridh.

Go hidéalach, cuimsíonn an bhliain go príomha sraith d'eochairthascanna a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirm obair thionscadail nó cásanna staidéir a dhaingníonn an fhoghlaim ón tSraith Shóisearach agus a thosaíonn ar roinnt coincheapa ón tSraith Shinsearach a chomhtháthú, go hidéalach ar bhealach atá faoi stiúir an scoláire agus atá dírithe ar thascanna. Is féidir an cur chuige croí-thascanna a úsáid laistigh de chur chuige modúlach níos leithne do Mhatamaitic na hIdirbhliana. D'fhéadfadh na modúil seo a leanas a bheith san áireamh:

---

- [1] M31/93, M47/93 agus M1/00: circulars.gov.ie

Treoirlínte don Idirbhliain: transition_year_school_guidelines.pdf

- Modúl feabhais chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí ó fhoghlaim matamaitice na Sraithe Sóisearaí agus chun coincheapa na Sraithe Sóisearaí a dhaingniú trí dheiseanna a úsáid chun machnamh a dhéanamh ar na topaicí matamaitice atá clúdaithe ag na scoláirí cheana agus ciall a bhaint astu, agus chun fadhbanna a réiteach agus straitéisí a phlé agus a chosaint lena gcomhscoláirí
- Modúl a bhaineann le scileanna 'foghlaim chun foghlama' agus le forbairt scileanna foghlama neamhspléacha; d'fhéadfadh tionscadal féin-roghnaithe a bheith san áireamh i modúl den sórt sin.
- Modúl bunaithe ar an Matamaitic Fheidhmeach; níor cheart é seo a theorannú do shiollabas na Matamaitice Feidhmí Ardteistiméireachta atá bunaithe ar mheicnic faoi láthair. Moltar go gcuirfear an Mhatamaitic i bhfeidhm go barántúil ar ábhair eile sa churaclam.

### 5.2.2 Béarla

Is minic go mbíonn cúrsa Béarla na hIdirbhliana deartha i modúil agus d'fhéadfadh staidéar scannánaíochta, cumarsáid ó bhéal agus dráma a bheith san áireamh chun eispéiris na scoláirí maidir le teanga agus litríocht a leathnú. Baineann éagsúlacht leis na cuir chuige measúnaithe sa Bhéarla le linn na hIdirbhliana; cuimsíonn an cleachtas is fearr sraith tascanna i rith na bliana, as a dtagann taifead carnach gnóthachtála san ábhar.

Is minic acmhainní ar líne a bheith san áireamh i gcúrsaí Béarla Idirbhliana a bhíonn deartha ag an scoil; tá an bhéim a leagann cúrsaí den sórt sin go minic ar iniúchadh aonair ar théacsanna agus ar ábhair oiriúnach go maith chun cur leis na scileanna a d'fhorbair scoláirí agus iad ag obair le hacmhainní digiteacha le linn na tréimhse dúnta scoile i 2019/20.

Tá sé tábhachtach a aithint go n-eisíonn an Roinn imlitir gach bliain le scoileanna a chur ar an eolas faoi théacsanna forordaithe na hArdteistiméireachta do scoláirí an chúigiú bliain atá le teacht. Tugann sé treoir shoiléir maidir le húsáid chuí a bhaint as téacsanna Béarla na hArdteistiméireachta san Idirbhliain lena chinntiú nach féidir an Idirbhliain a úsáid le hábhar don Ardteistiméireacht a chlúdach.

### 5.2.3 An Ghaeilge

Tugann pleanáil don Ghaeilge san Idirbhliain deis aghaidh a thabhairt ar eispéiris agus inniúlachtaí foghlama éagsúla na scoláirí sa Ghaeilge agus eispéiris foghlama a chruthú a chuirfidh ar a gcumas staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde de réir a gcumas. Ba cheart na heispéiris fhoghlama sin a idirbheartú leis na scoláirí, a dhearadh ar bhealach atá ábhartha dá dtaithí saoil agus spéiseanna, agus ba cheart go dtacóidís lena muinín agus a n-inniúlachtaí mar úsáideoirí Gaeilge a neartú.

Tá scileanna teanga idirspleách agus ba cheart a bhforbairt a chomhtháthú. Chun cur le foghlaim na scoláirí agus í a fheabhsú, ba cheart tacú le forbairt chomhtháite na scileanna teanga trí théacsanna dílse a úsáid ó raon seánraí agus meán lena n-áirítear litríocht. Níor cheart ach an chuid is lú ar fad den ábhar atá leagtha síos don Ardteistiméireacht a úsáid;

sa chás go n-úsáidtear gnéithe den ábhar seo, ba cheart an cur chuige a bheith nuálach agus cruthaitheach.

Beidh forbairt scileanna feasachta teanga ina ghné thábhachtach den fhoghlaim do gach scoláire. I gcás scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ba cheart go léireodh an plean don Ghaeilge san Idirbhliain ról tábhachtach na gceachtanna Gaeilge i dtacú le rochtain na scoláirí ar an gcuid eile den churaclam trí Ghaeilge agus an ról atá acu féin mar bhaill ghníomhacha de phobal na scoile.

Ba cheart cur chuige modúlach a chur i bhfeidhm maidir le pleanáil don Ghaeilge. Mar thosaíocht, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm le gach modúl scileanna éisteachta na scoláirí a fhorbairt (lena n-áirítear taithí ar na mór-chanúintí) agus a n-inniúlacht i labhairt agus idirghníomhú trí Ghaeilge lena múinteoir(í) agus lena bpiaraí. Ba cheart go mbeadh fócas lárnach na modúl dírithe ar fhorbairt scileanna cruthaitheachta agus réitithe fadhbanna na scoláirí. Is féidir foghlaim na scoláirí a léiriú ar raon bealaí, lena n-áirítear trí thionscadail a dhíríonn ar an bpróiseas seachas ar an táirge. D'fhéadfaí téamaí tionscadail a bhunú ar choincheapa agus ar ábhar i réimsí eile curaclaim ach aon ábhar atá mar chuid den staidéar le haghaidh na hArdteistiméireachta san ábhar áirithe sin a sheachaint.

### 5.2.4 Corpoideachas

Rinneadh an creat Corpoideachas don tSraith Shinsearach a dhearadh le cur chuige solúbtha comhoibritheach a sholáthar maidir le pleanáil don chorpoideachas sa tsraith shinsearach. Aithnítear an tábhachtach atá le pleanáil i gcomhthéacs uathúil gach scoile. Tá suíomhanna scoile, áiseanna, pearsanra, saineolas, saintréithe an ranga áirithe agus spéiseanna na scoláirí go léir ina mbreithnithe suntasacha maidir le roghnú agus seichmhú torthaí foghlama agus cuir chuige iomchuí i leith measúnaithe. Teastaíonn tréimhse dhúbailte in aghaidh na seachtaine chun tacú leis an bhfoghlaim seo.

Ba cheart gníomhaíochtaí fisiciúla a roghnú ag brath ar a bhfuil sábháilte agus praiticiúil agus de réir na comhairle sláinte phoiblí atá ar fáil nuair a roghnaítear iad. I gcomhthéacs scaradh sóisialta, b'fhéidir go mbeadh sé inmholta machnamh a dhéanamh, de réir mar is cuí, ar roghnú gníomhaíochtaí fisiciúla a mbíonn níos lú teagmhála dírí i gceist leo amhail gníomhaíochtaí cúirte roinnte. Caithfidh úsáid trealaimh agus acmhainní fisiciúla le linn gníomhaíochtaí fisiciúla cloí leis na ceanglais sláinte ábhartha.

Is féidir Corpoideachas san Idirbhliain a pheanáil go sonrach trí úsáid a bhaint as an gcreat do Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí. Mar rogha air sin, dearadh roinnt idiraonad don chorpoideachas san Idirbhliain, mar shampla, oiliúint spóirt, a fhéadfar a úsáid i dteannta leis an gcreat. Freisin, spreagtar múinteoirí a n-aonaid féin a dhearadh don Idirbhliain. Tá treoirlínte maidir le dearadh aonad ar fáil ag [www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach](http://www.ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach)

### 5.2.5 OCG

Tá sé mar chroí-aidhm na hIdirbhliana forbairt phearsanta agus shóisialta an scoláire a chur chun cinn. Tá Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) tábhachtach do dhaoine óga ag an tráth seo dá saol. Ar aon dul le bliainghrúpaí eile, ba cheart go bhfaigheadh scoláirí na hIdirbhliana íosmhéid de chúig nó sé thréimhse de chlár ama OCG.[2] Leagann na treoirlínte amach gur féidir cur leis an gclár OCG tríd an bhfoghlaim atá ar siúl in ábhair eile. Cé gur féidir le cuairteoirí ar an seomra ranga ionchur sa bhreis a sholáthar don OCG, cuireann na treoirlínte béim ar leith ar fhreagracht an mhúinteora fós as soláthar an chláir. Rinneadh tagairt arís don phointe deireanach seo i gCiorclán *0023/2010 Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) - Treoirlínte Dea-chleachtais d'Iar-bhunscoileanna.*

#### 5.2.6 Nuatheanga iasachta

Cuireann formhór na scoileanna staidéar nuatheanga iasachta san áireamh laistigh den gcroíchiseal le leanúnachas ón Sraith Shóisearach a sholáthar. Tá tuilleadh acmhainní chun tacú le teagasc teanga san Idirbhliain ar fáil ag www.ppli.ie agus www.pdst.ie

### 5.3 Ciseal samplála ábhair

Soláthraíonn an ciseal samplála ábhair deiseanna do scoláirí chun taithí a fháil ar ábhair don chéad uair, le dul i ngleic le hábhair ar bhealach difriúil nó taithí a fháil ar réimsí foghlama eile amhail drámaíocht. Beidh raon na n-ábhar agus na réimsí foghlama ag brath ar mhúinteoirí a bheith ar fáil chun ábhair a sholáthar agus ar rochtain ar sheomraí ar leith, go háirithe má chaitear grúpaí ranga a roinnt mar gheall ar thionchar scaradh sóisialta. Sa chomhthéacs seo, tá raon na n-idiraonad don Idirbhliain atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus atá ábhartha agus ar fáil ag: https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/cl%C3%A1ir-agus-pr%C3%ADomhscileanna/an-idirbhliain. D'fhéadfadh scoileann réimsí eile foghlama amhail staidéar Comhshaoil a chur san áireamh.

### 5.4 Ciseal a bhaineann go sonrach leis an Idirbhliain

Ba chóir go gcuirfeadh modúil forbartha sna scoileanna béim ar phríomhscileanna na hIdirbhliana lena n-áirítear:

- Cinnteoireacht
- Réiteach fadhbanna
- Cruthaitheacht
- Nuálaíocht
- Cumarsáid
- Idirbheartaíocht
- Tuairisc a scríobh
- Tionscadail
- Cur i láthair

[2] De réir *Ciorclán 0027/2008 - Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta,* ní fhéadfar a cheangal ar scoláire freastal ar theagasc in aon ábhar nach réitíonn le coinsias thuismitheoir an scoláire, nó, i gcás scoláire a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige, i gcás an scoláire féin.

- Teicneolaíocht dhigiteach.

Soláthraíonn an CNCM comhairle ar dhearadh modúl do scoileanna, agus tá sé ar fáil anseo. Freisin, cuireann scoileanna cláir san áireamh go minic a sholáthraíonn gníomhaireachtaí seachtracha i réimsí fiontraíochta na scoláirí nó na nuálaíochta sóisialta, mar shampla. Tá a gcuid modúil féin forbartha ag go leor scoileanna agus roghnaíonn go leor acu iad sin a oiriúnú, ag glacadh cur chuige téamach thar roinnt modúl agus ábhar.

## 5.5 Ciseal féilire

### 5.5.1 Gníomhaíochtaí Comhchuraclaim

Tá na gníomhaíochtaí fairsinge comhchuraclaim agus seach-churaclaim a thacaíonn leis na ceithre chiseal idirspleácha atá sa chlár ar cheann de na príomhghnéithe a bhaineann le go leor cláir Idirbhliana i scoileanna. Is minic a bhaineann na gnéithe seo le taisteal scoláirí chuig áiteanna lasmuigh de scoileanna ar iompar príobháideach nó poiblí chun páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí. Mar sin féin, d'fhéadfadh srianta a bheadh ann i gcomhthéacs COVID-19 constaicí suntasacha a chur ar na gnéithe seo de chlár scoile. Ba chóir socruithe eile a chur san áireamh i bpleanáil na ngíomhaíochtaí seo. Mar shampla, tá socruithe curtha in oiriúint ag go leor gnáthsholáthraithe na ngníomhaíochtaí/na dtaithí seo chun rochtain ar líne a sholáthar.

### 5.5.2 Taithí Oibre

Cuireann scoileanna dhá phríomh-chur chuige i bhfeidhm maidir le taithí oibre a sceidealú.

- **Blocscaoileadh:** I gcásanna inar féidir le scoláirí a dtaithí oibre a chríochnú go sábháilte de réir chomhairle sláinte poiblí agus riachtanais um scaradh sóisialta, ba cheart dóibh sin a dhéanamh. Nuair nach féidir le gach scoláire nó le scoláirí áirithe é sin a dhéanamh le linn an bhloic/na mbloc, ba chóir dóibh freastal ar ranganna ar an gclár ama mar is gnách le linn na seachtainí ainmnithe.
- **Lá amháin sa tseachtain:** Cé nach moltar an cur chuige seo, tá sé curtha i bhfeidhm ag roinnt scoileanna. Is beag seans go mbeidh scoláirí in ann taithí oibre a dhéanamh ar an mbonn seo go luath sa scoilbhliain. Ba cheart rochtain a sholáthar do scoláirí ar dheiseanna teagaisc agus foghlama sioncrónacha nó aisioncrónacha ar an lá sceidealaithe don taithí oibre. Ba cheart tinreamh a sheiceáil agus ba cheart gníomhaíochtaí lena n-áirítear modúil ullmhúcháin oibre, imscrúduithe gairmeacha agus cinn lae a phleanáil don lá.

### 5.5.3 Aoichainteoirí

Gné choitianta de chláir na hIdirbhliana is ea cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí nó ghníomhaireachtaí seachtracha le cainteanna nó cláir a sheachadadh do scoláirí. Maidir leis seo:

- Ba cheart 'Cuairteanna Fíorúla' seachas cuairteanna aghaidh ar aghaidh a chur san áireamh agus socruithe iomchuí a chur i bhfeidhm
- Ba cheart cuairteanna ar an scoil i rith an lae scoile a dhéanamh le socrú roimh ré

- Roimh an gcuairt, ba cheart do chainteoirí aon réamhriachtanais sláinte atá i bhfeidhm ag an am a chomhlíonadh
- Ba cheart fáilte a chur roimh cuairteoirí ag pointe teagmhála ar leith (oifig na scoile mar shampla) agus ba cheart go mbeadh siad faoi réir na rialuithe céanna a bhaineann le baill foirne atá ag teacht isteach sa scoil
- Ar an gcéad dul síos, ba cheart do chainteoirí bualadh le múinteoirí agus ba cheart an cruinniú a éascú ar bhealach a chloíonn leis na riachtanais um scaradh sóisialta
- Ba cheart cloí le scaradh fisiceach de réir na gceanglas sláinte ábhartha
- Ba chóir go mbeadh caidreamh idir na haoichainteoirí agus na scoláirí ag teacht le beartas na scoile maidir le haoichainteoirí agus *Ciorclán 0043/2018* atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Ciorcl%c3%a1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%c3%a1in-Gn%c3%adomhacha/?q=0043/2018&t=id&f=&l=ga

---

CRÍOCH